# Scéim Iompair Ghníomhaigh Bhóthar Mhuine Mheá (Thoir)

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag iarraidh an bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú ar feadh achair Bhóthar Mhuine Mheá (Thoir). Cuirfidh an fhorbairt seo bealach ar fáil a bheidh sábháilte dóibh siúd a bhíonn ag siúl, ag úsáid deiseanna a bhfuil rothaí orthu agus ag rothaíocht, lena n-áirítear úsáideoirí a bheadh i gcontúirt ar na bóithre. Tá iarratas ar chead pleanála curtha isteach maidir leis an tionscadal seo.

**Tá muid ag scríobh chugat chun an méid atá beartaithe a chur in iúl duit, agus chun cuireadh a thabhairt duit do chuid tuairimí a thabhairt mar chuid den phróiseas pleanála foirmeálta.**




## Príomhaidhmeanna an tionscadail seo:

**Forbairt an Bhealaigh**: Áiseanna rothaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar an mbealach atá i gceist, rud a chuideoidh go mór le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair a gcuspóirí a bhaint amach. Ina measc sin tá aistriú ó úsáid an ghluaisteáin chuig modhanna iompair ghníomhaigh agus glacadh le taisteal gníomhach, ar nós rothaíocht chun na hoibre agus siúl nó rothaíocht chun na scoile, a spreagadh.

**Iompar Poiblí**: Soláthar a dhéanamh chun gur féidir feabhas a chur ar bhonneagar na stadanna bus i gcás na seirbhísí bus atá cheana féin ar gach bealach bus.


**Idirnascadh le scéimeanna eile**: Sa gcaoi is go bhféadfar ceangal a dhéanamh amach anseo le scéimeanna iompair gníomhacha eile atá cheana féin sa gceantar chomh maith leo siúd atá na bacáin, ina measc Bóthar an Bhaile Bháin, Bóthar Pháirc an Chaisleáin agus ar aghaidh fad leis an BusConnects a bheidh amach anseo: ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

**Tuilleadh eolais**
**galwaycity.ie**




## Céard atá Beartaithe?

Beidh an tionscadal seo ag síneadh thart ar 1.7km feadh Bhóthar Mhuine Mheá (an R338) ó acomhal Bhóthar Bhaile Bháin (R865) go dtí acomhal Sheanbhóthar Bhaile an Bhriotaigh (Thoir). Ar na hoibreacha atá i gceist beidh:

- Áiseanna nua ar leith do shiúlóirí, daoine a úsáideann rothaí agus rothaithe ina mbeidh cosáin, trasrianta rothaíochta agus spásanna comhroinnte.
- Trasrianta nua ar na bóithre le comharthaíocht agus gan comharthaíocht.
- Carrbhealaigh na mbóithre a laghdú agus na hachomhail a theannadh ar mhaithe le luas níos moille a spreagadh agus na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do gach úsáideoir.
- Uasghrádú ar an R339 Bóthar Mhuine Mheá / an L5029 Acomhal Bhóthar Pháirc an Chaisleáin.

Mar chuid den tionscadal seo déanfar uasghrádú ar na háiseanna ag gach ceann de na stadanna bus atá cheana féin feadh an bhealaigh. Ní bheidh aon lána bus mar chuid den tionscadal, ós rud é go dteastódh ceannach éigeantach réadmhaoine, lena n-áirítear tailte atá faoi úinéireacht gnólachtaí áitiúla agus gairdíní tosaigh daoine, ina leith sin.

## Abair leat

Táthar ag cur isteach ar Iarratas ar Chead Pleanála Chuid 8 i ndáil leis an scéim seo. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag súil le do thacaíocht, do chuid ceisteanna agus do chuid aiseolais mar chuid den phróiseas seo.
**Is é an 4 Meán Fómhair an dáta deiridh a nglacfar le haighneachtaí.**

**Tuilleadh Eolais: déan an cód MF a scanadh**


**Post:** An Roinn Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Gaillimh, H91 X4K8.

Planning@GalwayCity.ie www.GalwayCity.ie Planning.LocalGov.ie

# Monivea Road (East) Active Travel Scheme

Galway City Council is seeking to improve walking and cycling infrastructure along the length of Monivea Road (East). This development will provide a safe and attractive route for walkers, wheelers and cyclists, including vulnerable road users. A planning application is being lodged in respect of this project.

**We are writing to you to tell you about what is planned, and to invite you to have your say as part of the formal planning process.**



## The main aims of this project

**Development:** To provide high-quality cycling facilities along the route identified that will make a significant contribution to meeting Galway City Council and the National Transport Authority's objectives to encourage an uptake in active travel such as cycling to work or walking or wheeling to school.

**Public Transport:** To provide for improvements to bus stop infrastructure for the existing bus services on all routes.


**Interconnectivity with other schemes:** To allow for future tie-ins with other existing and proposed active travel schemes in the area, including Ballybane Road, Castlepark Road and onwards to the future BusConnects: Dublin Road scheme.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe Galway City Council

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

**For more information visit galwaycity.ie**




## What's proposed

This project will run for approximately 1.7km along Monivea Road (R338) from the Ballybane Road (R865) junction to the Old Ballybrit Road junction (East). The works will include:

- New dedicated facilities for walkers, wheelers and cyclists comprised of footpaths, cycle tracks and shared spaces.
- New signalised and non-signalised road crossings.
- Reduction in road carriageway widths and junction tightening to promote slower speeds and improve safety for all users.
- Upgrading of the R339 Monivea Road / L5029 Castlepark Road junction.

This project will also deliver upgraded facilities at all existing bus stops along the route. It will **not** include any bus lane, as this would require the compulsory purchase of properties including lands owned by local businesses and peoples' front gardens.

## Have your say

A Part 8 Planning Application is being made in respect of this scheme. Galway City Council welcomes your support, questions and feedback as part of this process. **The deadline for submissions is 4 September.**

**Scan the QR Code for more information**

**Post:** Planning Department, Galway City Council, College Road, Galway, H91 X4K8.

Planning@GalwayCity.ie www.GalwayCity.ie Planning.LocalGov.ie